



*Rúnaíocht na Meánscoileanna CLG
JMB/AMCSS
Teach Emmet
Baile an Mhuilinn
Baile Átha Cliath 14
D14 V3K8
T: (01) 283 8255
Rphost: info@jmb.ie
www.jmb.ie
Uimhir Charthanachta: 20010089*

Comhairleoir Acmhainní Daonna/Caidrimh Thionsclaíoch agus Dlí Fostaíochta

Tá Rúnaíocht na Meánscoileanna CLG (SSS) anois ag earcú do ról mar Chomhairleoir Acmhainní Daonna/Caidrimh Thionsclaíoch agus Dlí Fostaíochta. Is ann don fholúntas mar gheall ar leathnú ar na seirbhísí a sholáthraíonn Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB) agus AMCSS (Association of Management of Catholic Secondary Schools) laistigh den chuideachta. Tá ról ceannaireachta ag JMB/AMCSS ag an leibhéal náisiúnta maidir le ceapadh, forbairt agus cur i bhfeidhm polasáí agus déanann sé ionadaíocht don earnáil dheonach meánscoile in idirbheartaíochtaí ar shaincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar cheannaireacht agus ar bhainistíocht i scoileanna. Cuireann JMB/AMCSS tacaíocht, comhairle agus oiliúint ar fáil freisin thar raon leathan réimsí gníomhaíochta oibríochtúla agus ceannaireachta inár mballscoileanna.

Ról an Chomhairleora Acmhainní Daonna/Caidrimh Thionsclaíoch agus Dlí Fostaíochta

Rachaidh an Comhairleoir Acmhainní Daonna/Caidrimh Thionsclaíoch agus Dlí Fostaíochta isteach san Fhoireann Chomhairleach um Bainistíocht Scoile ag an SSS agus tuairisceoidh sé/sí chuig an Ard-Rúnaí Cúnta (Comhairliúchán Bainistíochta Scoile). Tabharfaidh an té a cheapfar comhairle do bhainistíocht na scoile maidir le bainistíocht acmhainní daonna, gníomhaíochtaí caidrimh thionsclaíoch agus dlí fostaíochta. I measc phríomhdhualgais an phoist beidh:

- Doiciméid a dhréachtú agus a athbhreithniú lena n-áirítear conarthaí fostaíochta, polasaithe agus nósanna imeachta Acmhainní Daonna.
- Plé le fiosrúcháin a bhaineann le saincheisteanna Acmhainní Daonna/Caidrimh Thionsclaíoch agus Dlí Fostaíochta, ar an nguthán, ar ríomhphost agus go pearsanta.
- Cabhair agus comhairle a thabhairt do scoileanna maidir le comhlíonadh imlitreacha na Roinne Oideachais.
- Tacaíocht agus comhairle a thabhairt do scoileanna maidir le himscrúduithe agus nósanna imeachta inmheánacha san ionad oibre.
- Oiliúint a chur ar fáil do bhainistíocht scoileanna sna réimsí a bhaineann le réiteach coimhlinte agus bainistíocht daoine, idirghabháil, Acmhainní Daonna/Caidreamh Thionsclaíoch agus Dlí Fostaíochta.

- Tacaíocht a thabhairt do scoileanna agus ionadaíocht a dhéanamh dóibh i bpróisis bhreithnithe dheonacha.
- Treoirínte a fhorbairt do bhainistíocht scoileanna maidir leis an gcleachtas is fearr maidir le hearcaíocht, roghnúchán agus bainistíocht acmhainní daonna.

Beidh ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi:

- Céim tríú leibhéal nó cáilíocht ábhartha i mBainistíocht Acmhainní Daonna, sa Dlí nó sa Ghnó.
- Taithí agus eolas domhain ar shaincheisteanna Acmhainní Daonna/Caidrimh Thionsclaíoch agus ar an Dlí Fostaíochta go háirithe i gcomhthéacs an oideachais.
- Scileanna idirphearsanta agus cumarsáide den chéad scoth
- Scileanna láidre eagrúcháin/riaracháin agus ardspreagadh.
- Cumas oibriú as a stuaim féin agus mar chuid den Fhoireann Chomhairleach um Bainistíocht Scoile.
- Eolas domhain ar na struchtúir reatha maidir le bainistíocht scoileanna, ar rialacháin, agus ar an reachtaíocht ábhartha.

An Láthair Oibre: Beidh an Comhairleoir Acmhainní Daonna/Caidrimh Thionsclaíoch agus Dlí Fostaíochta bunaithe in oifig Rúnaíocht na Meánscoileanna ag Teach Emmet, Baile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath 14 agus beidh rochtain aige/aici ar mhúnla oibre hibrideach faoi réir fhaomhadh an Bhoird Stiúrthóirí.

Sonraíocht an Róil: Is post buan é seo a bhfuil tréimhse phromhaidh sé mhí i gceist leis. Is féidir an tréimhse sin a shíneadh go naoi mí.

Tuarastal: Íocfar tuarastal de réir na taithí.

Uaireanta oibre: Seachtain oibre ó Luan go hAoine le gnáthuaireanta oibre ó 9.00am go 5.00pm atá i gceist. D'fhéadfadh go mbeadh gá le freastal ar chruinnithe/oiliúint tráthnóna agus ar an Satharn ó am go chéile de bharr riachtanais an róil.

Conas Iarratas a Dhéanamh:

Glacfar le hiarratais faoin spriocdháta **24ú Bealtaine 2023 ag 5:00i.n.**

Is fostóir comhionannas deiseanna í Rúnaíocht na Meánscoileanna Teoranta.

Tá Foirm Iarratais ar fáil ó: www.jmb.ie

**Rúnaíocht na Meánscoileanna JMB,
Teach Emmet,
Baile an Mhuilinn,
Baile Átha Cliath 14
D14 V3K8**